

### A: MACHNAMH

Beidh tú ag féachaint ar ball ar mhír faoin amhránaí mór le rá, Shane MacGowan, a fuair bás an tseachtain seo caite. Pléigh na ceisteanna thíos leis an duine in aice leat:

Cad atá ar eolas agat faoin amhránaí Shane MacGowan?

An bhfuil cur amach agat ar a chuid amhrán?

An dtaitníonn an t-amhrán *Fairytale of New York* leat?

*Pogue Mahone* an t-ainm a bhí ar *The Pogues* ar dtús. Cad is brí leis an ainm sin?

Cén t-ainm a bhí ar an ngrúpa ceoil a bhí ag MacGowan sular bhunaigh sé *The Pogues*?



## B: FOCLÓIR

---

1. Beidh na focail thíos le cloisteáil sa mhír ar ball. An féidir leat na leaganacha Gaeilge a aimsiú anois sula bhféachfaidh tú ar an mír? Bain úsáid as [www.focloir.ie](http://www.focloir.ie) chun cuidiú leat, más gá.

<i>homage:</i>	_____
<i>recognisable:</i>	_____
<i>surrounded by:</i>	_____
<i>music band:</i>	_____
<i>separate:</i>	_____
<i>bet, wager:</i>	_____
<i>challenge:</i>	_____
<i>he recorded:</i>	_____
<i>artistic, poetic:</i>	_____
<i>heritage:</i>	_____

2. Féach ar an mír den chéad uair. An raibh na focail chéanna agat féin?
3. Cén focal atá agat féin ar an bhfocal ‘breoite’?
4. Ciallaíonn ‘geall’ *bet, wager*, ach cad is brí leis na frásaí thíos?

‘...cuireadh geall leis...’

‘...cuireadh geall ar an gcapall...’

5. Cén Béarla a chuirfeá ar ‘Briseann an dúchas trí shúile an chait.’?
6. Cad is brí leis na focail: **amhrán** agus **amhránaí**? Cén uimhir iolra atá ag na focail seo? Téigh go dtí [www.teanlann.ie](http://www.teanlann.ie) mura bhfuil tú cinnte.

## C: TUISCINT

---

Bí ag obair leis an duine in aice leat. Féachaigí ar an mír arís agus breacaigí síos na pointí eolais is tábhachtaí ón mír. Caithfidh sibh achoimre ghearr a scríobh ar an méid a dúradh. Bíodh na pointí eolais thíos san áireamh san achoimre:

- ✓ Cúlra Shane MacGowan.
- ✓ Eolas faoi na grúpaí ceoil ar sheinn sé leo.
- ✓ Eolas faoi na halbaim agus faoi na hamhráin a luadh sa mhír.
- ✓ Eolas faoin amhrán – *Fairytale of New York*.
- ✓ An méid a dúirt Michael D. Higgins faoi Shane MacGowan.



## D: FEASACHT TEANGA

---

### 1: Cruinneas gramadaí (an chopail agus breischéim na haidiachta san aimsir chaite)

Féach ar an sampla seo ón mír. An féidir leat an abairt sin a scríobh san aimsir láithreach?

‘... go raibh sé ar dhuine de na scríbhneoirí ab fhearr sa domhan ...’

Anois, athscríobh na habairtí thíos ón aimsir láithreach go dtí an aimsir chaite. Féach ar na samplaí chun cuidiú leat.

Is é Seán an t-imreoir is cáiliúla.

**Ba** é Seán an t-imreoir **ba** cháiliúla.

Is í an cailín is iontaí.

**Ba** í an cailín **ab** iontaí.

a) Is é Seán an duine is deise sa rang.

\_\_\_\_\_

b) Is é sin an t-amhrán is fearr liom.

\_\_\_\_\_

c) Is í Orla an duine is cliste dar casadh orm riamh.

\_\_\_\_\_

d) Is iad na deartháireacha sin na fir is díograisí sa sráidbhaile.

\_\_\_\_\_

e) Is é Shane an duine is sine sa teaghlach.

\_\_\_\_\_

f) Is í Aoife an duine is óige.

\_\_\_\_\_

g) Is í Síle an cailín is faití ar scoil.

\_\_\_\_\_

### 2: Saibhreas teanga (gan stró)

Bí ag obair leis an duine in aice leat arís agus breacaigí síos na bealaí ar fad atá agaibh chun ‘gan stró’ a rá:

gan stró, \_\_\_\_\_

## E: CUMARSÁID

### 1: Caint

Bí ag obair leis na daoine eile sa ghrúpa agus féachaigí ar an bhfíseán ceoil de *Fairytale of New York* [anseo](#). Tá an leagan Gaeilge den amhrán ar fáil [anseo](#). Freagraíí na ceistanna thíos ansin.


- Cad é téama an amhráin?
- Cad atá ag tarlú san amhrán?
- Rinne BBC agus RTÉ cinsireacht ar an amhrán. Cén fáth, dar leat?
- Ar cheart focail, a bhféadfaí féachaint orthu mar mhaslaí nó ionsaithe sa lá atá inniu ann, a athrú i leabhair, scannáin, amhráin srl.?
- Cad a cheapann tú faoin méid a dúirt Shane MacGowan féin faoin gcinsireacht ar *Fairytale of New York*?

“The word was used by the character because it fitted with the way she would speak and with her character. She is not supposed to be a nice person, or even a wholesome person. She is a woman of a certain generation at a certain time in history and she is down on her luck and desperate. Her dialogue is as accurate as I could make it but she is not intended to offend! She is just supposed to be an authentic character and not all characters in songs and stories are angels or even decent and respectable, sometimes characters in songs and stories have to be evil or nasty to tell the story effectively. If people don't understand that I was trying to accurately portray the character as authentically as possible, then I am absolutely fine with them bleeping the word, but I don't want to get into an argument.”

- Cad is brí leis an téarma ‘cealchultúr’?

### 2: Scríobh

Samhlaigh gur iarr *Mojo* ort alt gearr a scríobh don iris sin faoin amhrán is fearr leat. Scríobh timpeall deich líne don iris.



## AN SCRIPT

---

### Eibhlín Ní Choistealbha

Tá ómós á léiriú anseo in Éirinn agus ar fud an domhain do phríomhamhránaí *The Pogues*, Shane MacGowan, atá tar éis bháis. Bhí sé 65 bliain d'aois agus bhí sé breoite le tamall. Tá a amhrán *Fairytale of New York*, ar cheann de na hamhráin Nollag is aitheanta ar fud an domhain mhóir.

### Ailbhe Ó Monacháin

In Pembury in Kent Shasana a rugadh Shane MacGowan, Lá Nollag 1957. Ba as Baile Átha Cliath a athair agus Tiobradach a bhí ina mháthair. Sa chontae sin a chaith sé cuid mhaith dá óige, agus é timpeallaithe ag ceol traidisiúnta agus tíre.

In 1977 a cheol<sup>1</sup> sé agus a scríobh sé don ghrúpa *The Nips*, buíon cheoil *punk* a bhunaigh sé lena chailín Shanne Bradley. Ach, nuair a scoir siad sin, bhunaigh sé grúpa darbh ainm *Pogue Mahone*, a d'athraigh a ainm ar ball go dtí *The Pogues*.

*Red Roses for Me* a bhí ar a gcéad albam in 1984. Amhráin mar *Dark Streets of London*, agus leagan de *Waxie's Dargle* agus *The Boys from the County Hell*. Amhráin a tharraing aird a lucht leanúna, go háirithe Éireannaigh óga i Sasana.

Ach, cuireadh geall leis in 1987, nach dtiocfadh leis amhrán Nollag a scríobh agus d'fhreagair Shane an dúshlán sin gan stró le *Fairytale of New York*, a thaifead sé le Kirsty MacColl.

I ráiteas ón Uachtarán, Michael D. Higgins, mhol sé Shane MacGowan, ag rá go raibh sé ar dhuine de na scríbhneoirí amhrán ab fhearr sa domhan agus go raibh a chuid amhrán scríofa go foirfe, ealaíonta. Dúirt sé gur cheangail focail a chuid amhrán Éireannaigh ar fud an domhain lena ndúchas agus a stair.

Ailbhe Ó Monacháin, Nuacht TG4.

## NÓTAÍ & FREAGRAÍ

### A: MACHNAMH

#### Réamhchleachtadh 1:

Cleachtadh gearr cainte é seo chun tús a chur le rang bríomhar ina mbeidh na foghlaimeoirí ag féachaint ar mhír nuachta, ag déanamh cleachtaí cluastuisceana agus ag comhrá faoi thopaic a bhaineann leis an mír ansin. Tabhair deis do na foghlaimeoirí na ceisteanna a phlé le chéile. Pléigh na ceisteanna leis an rang iomlán ansin.

### B: FOCLÓIR

1. An stór focal:

<i>homage</i>	ómós
<i>recognisable</i>	aitheanta
<i>surrounded by</i>	timpeallaithe
<i>music band</i>	buíon cheoil
<i>separate</i>	scoir
<i>bet, wager</i>	geall
<i>challenge</i>	dúshlán
<i>he recorded</i>	thairfead sé
<i>artistic, poetic</i>	ealaíonta
<i>heritage</i>	dúchas

2. Tinn.

3. Cuireadh geall leis – *someone made a bet with him.* / Cuireadh geall ar an gcapall – *a bet was put on the horse.*

4. *The apple doesn't fall far from the tree.*

5. Amhrán (song) / amhráin (songs); amhránaí (singer) / amhránaithe (singers).

### C: TUISCINT

Féach ar an script.

### D: FEASACHT TEANGA

#### 1: Cruinneas gramadaí (an chopail agus breischéim na haidiachta san aimsir chaite)

Féach:

'... go bhfuil sé ar dhuine de na scríbhneoirí is fearr sa domhan ...'

- Is é an duine is deise sa rang.  
*Ba é Seán an duine ba dheise sa rang.*
- Is é sin an t-amhrán is fearr liom.  
*Ba é sin an t-amhrán ab fhearr liom.*
- Is í Orla an duine is cliste dar casadh orm riamh.  
*Ba í Orla an duine ba chliste dar casadh orm riamh.*
- Is iad na deartháireacha sin na fir is díograisí sa sráidbhaile.  
*Ba iad na deartháireacha sin na fir ba dhíograisí sa sráidbhaile.*
- Is é Shane an duine is sine sa teaghlach.  
*Ba é Shane an duine ba shine sa teaghlach.*
- Is í Aoife an duine is óige.  
*Ba í Aoife an duine ab óige.*
- Is í Síle an cailín is faití ar scoil.  
*Ba í Síle an cailín ab fhaití ar scoil.*

## 2: Saibhreas teanga (gan stró)

Mar shampla: go furasta, go héasca, gan dua, réidh, go bog, gan aon deacracht, go binn, go seolta.

### E. Cumarsáid

#### 1: Caint

Tuairimíocht atá i gceist den chuid is mó leis an gcaint seo. Seo thíos na naisc:

*Fairytale of New York* i mBéarla: <https://www.youtube.com/watch?v=j9jbdgZidu8>

*Fairytale of New York* i nGaeilge: <https://www.youtube.com/watch?v=5ljJ5XIQkSs>

Tá eolas ar chealchultúr anseo: [https://en.wikipedia.org/wiki/Cancel\\_culture](https://en.wikipedia.org/wiki/Cancel_culture)

#### 2: Scríobh

Abair leo alt gearr a scríobh don iris *Mojo* faoin amhrán is fearr leo.

Curtha ar fáil ag



**Ollscoil  
Mhá Nuad**  
Ollscoil na hÉireann  
Má Nuad

**Lárionad  
na Gaeilge**  
Taighde, Teagasc  
& Tástáil

le tacaíocht ó

An Chomhairle um Oideachas  
Gaeilge & Gaelscoláilochta



**An Roinn Turasóireachta, Cultúir,  
Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán**  
Department of Tourism, Culture,  
Arts, Gaeltacht, Sport and Media

